



Comhaltaí Ionduchtúcháin Oide Droichead

Bunscoil agus Iar-bhunscoil

Seirbhís tacaíochta nua maoinithe ag an Roinn Oideachais (DE) do scoileanna, múinteoirí agus ceannairí scoile is ea Oide. Bunaíodh Oide ar an 1 Meán Fómhair 2023 ó chomhtháthú na gceithre sheirbhís tacaíochta a bhí ann cheana féin. Is iad seo Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL), An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) agus An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt deiseanna do ról an chomhalta ar fáil in 2024.2025.

Is éard is Comhalta Ionduchtúcháin Oide Droichead ann ná príomhoide scoile cláraithe, príomhoide tánaisteach, múinteoir, nó iar-phríomhoide scoile, iar-phríomhoide tánaisteach nó iar-mhúinteoir atá ag dul i ngleic le hobair ar bhonn páirtaimseartha le hOide d'fhonn acmhainneacht na seirbhíse a chomhlánú agus a shíneadh. Beidh ar chomhalta Ionduchtúcháin Oide Droichead iad féin a chur ar fáil chun oibriú **ar feadh suas le 20 lá** in aon bhliain acadúil amháin, agus beidh an chuid is mó den obair ag tarlú lasmuigh d'am scoile. Ní dhearbhaíonn ceapachán mar chomhalta 20 lá oibre in aon bhliain ar leith, áfach.

Tugtar cuireadh d'arratais ó iarrthóirí bunscoile agus iar-bhunscoile atá cáilithe go cuí agus atá cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta, a bhfuil post aitheanta acu i scoil agus a bhfuil, go hidéalach, taithí theagaisc 5 bliana ar a laghad acu. Tá múinteoirí atá ar scor agus múinteoirí atá ar sos gairme incháilithe freisin chun iarratas a dhéanamh (faoi réir threoirí na Roinne Oideachais). **Tá fáilte ar leith roimh iarrthóirí a bhfuil taithí phraiticiúil acu ar an bpróiseas Droichead.**

Tar éis an phróisis iarratais, tabharfar cuireadh d'arrthóirí ar an ngearrliosta chuig imeacht earcaíochta duine le duine (lena n-áirítear agallamh grúpa) in áit lárnach ar an **Satharn, 27ú Aibreán 2024**. I ndiaidh an imeachta, cruthófar painéal do 2024.2025. Tairgfear ról mar Chomhalta Ionduchtúcháin Oide Droichead do bhaill phainéil bunaithe ar riachtanais na heagraíochta ag leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha. Tabhair faoi deara nach ndearbhaíonn áit ar an bpainéal obair mar chomhalta.

Is é an dáta deiridh chun iarratais leictreonacha a chur isteach ná **Dé hAoine, 8ú Márta 2024 ar 5 i.n.** Le haghaidh tuilleadh eolais, féach www.oide.ie/ga/earcaiocht/

Ní fhéachfar ar iarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe.